

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Saoire

Bhí Moya tar éis seacht seachtaine a chaitheamh ina post samhraidh sa siopa rothar. Thaitin an post léi. Bhí Mánas, úinéir an tsiopa an-chineálta, thaitin sé léi bualadh le daoine, bhí an t-airgead go maith agus bhí míle Euro sábháilte aici. Bhí sí ag éirí tuirseach, áfach, agus bhí a fhios aici go mbeadh uirthi fillleadh ar an gColáiste coicís ina dhiaidh sin. Bhí sí ag iarraidh saoire bheag a thógáil. Ag am sosa chuaigh sí ar líne agus thosaigh sí ag fiosrú cé mhéid a chosnódh sé dul go hÁrainn Mhór lena rothar agus fanacht ann. Ní raibh sé chomh daor sin ar chor ar bith. Chuir sí ticéad fillte in áirithe ar an mbád farantóireachta agus lóistín ar an oileán ar feadh seachtaine. Chosain an rud ar fad trí chéad Euro.

Canúint Chonnacht

Fear Gnó

Bhí Peadar an-sásta lena thrálaer nua *An Naomh Mac Dara* agus leis an gcriú a bhí aige. Bhí sé ag breith ar an-chuid éisc agus bhí sé an-sásta leis an bpraghas a bhí á fháil aige ar an iasc ó thosaigh sé ag dul ó óstán go hóstán agus ó bhialann go bialann á dhíol. Bhí an fear sa lár, an ceannaitheoir éisc gearrtha amach aige agus bhí sé an-sásta leis sin. Chuir sé sin ag smaoineamh é. An mbeadh sé in ann a shiopa éisc féin a oscailt sa chathair? Ní raibh an t-airgead aige chun siopa a cheannach ach thóg sé siopa ar cíos san ionad siopadóireachta agus chuir sé a chailín, Aisling ag obair ann. *Iasc Úr* an t-ainm a thug sé ar an siopa agus níorbh fhada go raibh go leor custaiméirí ag Peadar. “Ní hamháin gur iascaire thú, a Pheadair,” arsa Aisling leis tráthnóna amháin, “is fear gnó thú.”

Canúint na Mumhan

Meiriceá ag Glaoch

Bhí Muiris an-sásta go raibh na scrúduithe go léir déanta aige. Shuigh sé ar an mbinse in aice leis an abhainn. Bhí sé go deas féachaint ar na báid ag dul suas agus síos agus machnamh a dhéanamh ar an samhradh a bhí roimhe. Thosaigh sé ag smaoineamh freisin ar an mbliain a bhí roimhe. Ní raibh aon phost samhraidh aige fós. Bhí sé ag iarraidh airgead a dhéanamh i rith an tsamhraidh chun cabhrú leis íoc as a lóistín in aice leis an ollscoil an bhliain dár gcionn. Tháinig téacs eile isteach. Léigh Muiris é. “A Mhuiris. Seán Ó Máille anseo, Rúnáí Ghaeil Chonamara i mBoston. Post deas agam anseo duit. Cúig chéad dollar sa tseachtain agus cluiche peile ag an deireadh seachtaine. An bhfuil tú linn?” “Tá,” a d’fhreagair Muiris. “Cuir chugam na ticéid eitleáin agus eagraigh lóistín dom. Táim ar mo bhealach.”

EARRACH 2019

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Saoire

1. Cé mhéad seachtain a bhí Moya tar éis a chaitheamh ina post samhraidh?
2. Cén t-ainm a bhí ar úinéir an tsiopa?
3. Cé mhéid airgid a bhí sábháilte ag Moya?
4. Cathain a chuaigh Moya ar líne?
5. Cá raibh Moya ag dul ar saoire?

Canúint Chonnacht

Fear Gnó

1. Cé a bhí sásta lena thrálaer nua?
2. Cén t-ainm a bhí ar thrálaer Pheadair?
3. Cé a bhí ag dul ó óstán go hóstán ag díol éisc?
4. Céard a thóg Peadar ar cíós?
5. Cén t-ainm a thug Peadar ar an siopa?

Canúint na Mumhan

Meiriceá ag Glaoch

1. Cé a bhí sásta go raibh na scrúduithe go léir déanta aige?
2. Cár shuigh Muiris?
3. Cén fáth a raibh Muiris ag iarraidh airgead a dhéanamh?
4. Cén post a bhí ag Seán Ó Máille?
5. Cé mhéid airgid a bheadh Muiris in ann a dhéanamh i mBoston sa tseachtain?